# <u>FÓGRA - ALT 38</u>

Tá an fógra seo le cur in iúl go mbeidh comhairliúchán poiblí ann a bhaineann le:

## Scéim Taistil Ghníomhaigh Áth Cinn, Bóthar na hEaglaise

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, féadfaidh Údarás Bóthair, ar mhaithe le sábháilteacht agus le héascaíocht úsáideoirí bóthair, bearta moillithe tráchta is inmhianaithe leo a sholáthar i leith bóithre poiblí faoina gcúram.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe scéim Taistil Ghníomhaigh a chur i bhfeidhm sna háiteanna seo a leanas:

- **L-2103 Bóthar na hEaglaise, Áth Cinn**
- **L-21031 (Bóthar rochtana chuig Coláiste na Toirbhearta Áth Cinn)**

Seo a leanas achoimre ar na bearta atá beartaithe don scéim sin (faoi réir maoiniú):

**L-2103 Bóthar na hEaglaise**

- Cúngú an charrbhealaigh atá ann cheana trí chosáin a leathnú ar thaobh Theas an charrbhealaigh agus ciumhais féir a chur idir an cosán agus an carrbhealach ar an dá thaobh.
- Cur i bhfeidhm trasriain shíogaigh ardaithe in aice le bealach isteach charrchlós na heaglaise chun nascadh níos sábháilte a sholáthar idir an carrchlós agus na scoileanna os a chomhar.
- Cruthú oscailtí nua do choisithe i mballaí teorann charrchlós na heaglaise agus na Scoile Náisiúnta, chun feithiclí agus coisithe a dheighilt.
- Soláthar rochtana ardaithe ag bealach isteach charrchlós na heaglaise chun tosaíocht a thabhairt do choisithe.
- Marcanna bóthair lena léirítear go bhfuil scoileanna ann.
- Mullaird a bheith curtha feadh na gcolbhaí chun páirceáil mhídhleathach a chosc.

**L-21031 (bóthar rochtana chuig Coláiste na Toirbhearta)**

- Teannadh acomhail ag an acomhal le Bóthar na hEaglaise.
- Soláthar cosán leathnaithe ar feadh an bhóthair phoiblí.

- Cur i bhfeidhm trasriain coisithe ardaithe chun rochtain níos sábháilte a sholáthar do choisithe agus nascadh le cosáin a leathnaíodh le déanaí, agus le cosáin atá ann cheana féin, ag an limistéar tuirlingthe.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear líníochtaí don scéim, ar fáil ar líne ag https://consult.galway.ie/ ón Déardaoin 11 Nollaig 2025 ag 12:00pm go dtí an Aoine 2 Eanáir 2026 ag 12:00pm. Ina theannta sin, féadfar iad a fheiceáil freisin, le linn gnáthuaireanta oibre, ag: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX le linn na tréimhse céanna a luadh thuas.

Féadfar aighneachtaí maidir leis na scéimeanna thuasluaite a chur i scríbhinn chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX nó go leictreonach ag https://consult.galway.ie/. Tabhair faoi deara freisin go bhfoilseofar gach aighneacht a fhaightear, bíodh sin déanta i bpearsa nó i scríbhinn tar éis dhúnadh an chomhairliúcháin sin.

**Is é an dáta is déanaí chun na haighneachtaí sin a fháil ná 12:00pm Dé hAoine an 2 Lúnasa 2026.**